Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**January 2009**

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

## Aonad Measúnaithe A2 1

*ag measúnú*

## Modúl 4: Forbairt Córais Faisnéise

**[A2W11]**

**DÉ hAOINE 16 EANÁIR, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo, le 4 mharc ar a mhéad san áireamh do chaighdeán na cumarsáide scríofa.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**1** Is féidir córas bogearraí a cheannach 'ón tseilf' nó é a fhoinsiú allamuigh ó chomhairligh TFC.

**(a)** Déan comparáid idir an **dá** mhodh seo le córas bogearraí a chur i láthair faoi na ceannteidil seo a leanas.

**(i)** Costas [3]

**(ii)** Aga feidhmithe [3]

**(iii)** Oiriúnacht [3]

**(b)** Ainmnigh agus cuir síos ar dhóigh amháin eile le córas bogearraí a fháil. [3]

**2** **(a)** Mínigh cad chuige a mbíonn prótacail riachtanach le haghaidh cumarsáid sonraí. [2]

**(b)** Cuir síos go hachomair ar na protacail líonra seo a leanas.

**(i)** CSMA/CD

**(ii)** TCP/IP [6]

**(c)** Déan comparáid idir cábla comhaiseach agus cábla snáthoptaice maidir le:

**(i)** Cumas aistrithe sonraí.

**(ii)** Trasnaíocht ar chomhartha. [4]

**3** Is féidir le réimse tosca tionchar a imirt ar idirghníomhaíocht daoine le ríomhairí (HCI).

**(a)** Cuir síos ar **3** thoisc fhisiciúla ar féidir leo tionchar a imirt ar HCI. [6]

**(b)** Cuir síos ar **dhá** thoisc shiceolaíocha ar feidir leo tionchar a imirt ar HCI. [6]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**4** Baineann eagraíocht, a bhfuil brainsí éagsúla aici ar fud an domhain, úsáid as bunachar sonraí dáilte.

**(a)** Cuir síos ar **dhá** bhuntáiste atá ag bunachar sonraí dáilte ar bhunachar sonraí láraithe. [4]

**(b)** Cuir síos ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le bunachar sonraí dáilte nach mbaineann le bunachar sonraí láraithe. [4]

Teorannaítear rochtain ar an bhunachar sonraí trí leibhéil rochtana agus trí rianta iniúchta.

**(c)** Seachas **léamh amháin**, ainmnigh agus cuir síos ar **dhá** leibhéal rochtana eile. [4]

**(d)** Sainaithin **ceithre** ghníomh ar a ndéanfadh rian iniúchta taifead. [4]

**5** Ceaptar bainisteoir tionscadail ar chóras nua faisnéise.

**(a)** Cuir síos ar an ról a bhíonn ag bainisteoir tionscadail. [5]

**(b)** Cuir síos ar cad é mar is féidir gach uirlis CASE thíos a úsáid i bhforbairt an chórais nua.

**(i)** Uirlis samhaltaithe

**(ii)** Gineadóir foclóir sonraí

**(iii)** Gineadóir cód [9]

**6** Déantar tástáil ar chóras nua faisnéise.

**(a)** Mínigh cad é atá i gceist le gach téarma thíos.


**(i)** tástáil Alpha.

**(ii)** tástáil Beta. [6]

**(b)** I ndiaidh don chóras a bheith in úsáid ar feadh tamaill, caithfear mionathrú a dhéanamh ar cheann de na modúil bhogearraí. Cuir síos ar an tástáil a bheidh riachtanach **sa chás seo.** [4]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**7** Cuireadh an tsamhail seo a leanas de ghaoil na n-aonán (ER) i láthair le linn dhearadh chóras cóimeála cairr.




Sular féidir an tsamhail a chur i gcrích mar bhunachar sonraí coibhneasta, caithfear an coibhneas a mhionathrú.

**(a)** Mínigh, le léaráid, an dóigh ar chóir an coibhneas a mhionathrú. [4]

**(b)** Cuir síos ar cad é mar is féidir na comhpháirteanna sa tsamhail mhionathraithe ER a úsáid le bunachar sonraí coibhneasta a chruthú. [6]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers